# Cén ról atá ag Banc Ceannais na hÉireann san Eoraip?



Is athscríbhinn í seo den fhíseán mínithe: "Cén ról atá ag Banc Ceannais na hÉireann san Eoraip?"

Foilsíodh an físeán ar an 14 Eanáir 2020.

[Glaoch]

**Alex:** Haigh, Alex anseo. An féidir liom cabhrú leat?

**Nessa:** Haigh, a Alex. Nessa is ainm dom.

Tá mé i mo mhac léinn anseo i gCorcaigh.

Mura miste leat, tá ceist agam ort.

**Alex:** Cinnte, lean ort!

**Nessa:** Tá aiste á scríobh agam ar lánpháirtiú na hEorpa agus is mian liom tuilleadh a fháil amach faoin ról ar leith atá ag Banc Ceannais na hÉireann san Eoraip.

**Alex:** Fíorspéisiúil! Bhuel, a Nessa, bíonn Banc Ceannais na hÉireann ag obair go dlúth lenár gcomhpháirtithe san Eoraip chun aire a thabhairt do chóras airgeadais na hEorpa.

Lig dom míniú a thabhairt.

Tá Banc Ceannais na hÉireann mar chuid den Eurochóras.

Tá an tEurochóras déanta suas den Bhanc Ceannais Eorpach agus de bhainc cheannais na dtíortha uile a úsáideann an euro.

Toisc gur baill den fhoireann chéanna sinn, mar dhea, úsáidimid an t-airgead céanna.

Dá bhrí sin, tá an beartas airgeadaíochta céanna ag teastáil uainn.

Ciallaíonn sé sin go mbeidh na príomhrátaí úis - a mbíonn tionchar acu ar chostas agus ar infhaighteacht an airgid sa gheilleagar – mar an gcéanna ar fud an limistéir euro.

Gach sé seachtaine, bíonn cruinniú ag an ngobharnóir s'againne le gobharnóirí uile na mbanc ceannais sa limistéar euro agus le comhaltaí an BCE.

Ag an gcruinniú sin, glacann siad cinneadh i dtaobh príomhrátaí úis a ardú, a laghdú nó a fhágáil mar atá.

Tá sé d'aidhm acu praghsanna a choimeád seasmhach ar fud an limistéir euro.

**Nessa:** Tuigim, ach cén fáth a bhfuil praghsanna seasmhacha chomh tábhachtach sin?

**Alex:** Tá praghsanna seasmhacha tábhachtach mar ciallaíonn sé nach mbeidh athrú rómhór ag teacht ó mhí go mí ar chostas na rudaí a cheannaíonn tú.

Ar an gcaoi sin, cosnaítear luach an airgid atá i do phóca mar aon le do chumas rudaí a cheannach.

**Nessa:** Bhuel, tá áthas orm go bhfuil duine éigin ag coinneáil srian ar phraghsanna!

**Alex:** Gné eile de ról an Bhainc Ceannais san Eoraip is ea faireachán a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar fhóntacht na mbanc is mó san Eoraip.

Táimid in ann é sin a dhéanamh trínár mballraíocht sa Sásra Maoirseachta Aonair.

Cosúil leis an Eurochóras, tá an Sásra Maoirseachta Aonair déanta suas de mhaoirseoirí náisiúnta na dtíortha atá sa limistéar euro agus den Bhanc Ceannais Eorpach.

Déanfaimid maoirseacht le chéile ar na bainc san Eoraip chun a chinntiú go bhfuil siad fónta ó thaobh airgeadais de sa chaoi go mbeidh do chuid airgid sábháilte.

**Nessa:** Cosúil le réiteoir, dáiríre?

**Alex:** Go díreach!

**Nessa:** Agus cad eile a dhéanann sibh san Eoraip?

**Alex:** Bímid rannpháirteach freisin sa Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais.

Is ionann é sin agus grúpa d'eagraíochtaí Eorpacha ó réimsí na baincéireachta, an airgeadais agus an árachais.

Tá sé d'aidhm acu a chinntiú go gcuirtear na rialacha céanna agus na caighdeáin chéanna airgeadais i bhfeidhm ar fud na hEorpa.

**Nessa:** Is maith sin - ba cheart cothrom na Féinne bheith ann!

**Alex:** Is fíor duit!

Obair foirne a bhíonn i gceist, dáiríre - muid ar fad ag obair le chéile chun a chinntiú go bhfuil córas airgeadais na hEorpa láidir agus seasmhach, rud a chuidíonn le córas airgeadais na hÉireann a choinneáil seasmhach.

**Nessa:** Míle buíochas as an méid sin, a Alex.

[Buailtear cnag ar an doras] Brostaigh ort, a Nessa!

Ós ag caint faoi obair foirne atáimid, ní mór dom imeacht.

Tá cluiche agam anois!

**Alex:** Go n-éirí leat, a Nessa!

Go raibh maith agat as glaoch orm.